C/2025/4867

15.9.2025

FÓGRA FOLÚNTAIS Uimh. 30/25/AD14/EESC

Post an Stiúrthóra i Stiúrthóireacht A – Comhlachtaí Reachtúla agus Dálaí Oibre na gComhaltaí

(Arna fhoilsiú faoi Airteagal 29(1) agus (2) de na Rialacháin Foirne)

(C/2025/4867)

Is é an dáta deiridh chun iarratas a dhéanamh: 20 Deireadh Fómhair 2025 ag 12.00 meán lae (am na Bruiséile)

1. **Folúntas: grád AD 14**

2. **Dualgais**

Is é a dhéanann an Stiúrthóir, atá faoi údarás díreach an Ardrúnaí, an Stiúrthóireacht um Chomhlachtaí Reachtúla agus Dálaí Oibre na gComhaltaí (Stiúrthóireacht A) de Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) a bhainistiú. Tá tuairim is 70 duine sa Stiúrthóireacht sin agus buiséad thart ar EUR 34 mhilliún aici. Tá an Stiúrthóir freagrach as forbairt straitéiseach na Stiúrthóireachta.

Tá na freagrachtaí seo a leanas, go háirithe, air nó uirthi:

— obair na dtrí aonad agus an dá earnáil atá mar chuid de Stiúrthóireacht A a eagrú, a chomhordú, a bhainistiú agus a mhaoirsiú, mar atá na haonaid ‘Clárlann agus Pleanáil Reachtach’, ‘Comhdhálacha, Seirbhísí Inmheánacha agus Prótacal’ agus ‘Dálaí Oibre na gComhaltaí’, mar aon leis na hearnálacha ‘Nuachóiriú agus Trédhearcacht (MODA)’ agus ‘Bainistíocht agus Pleanáil Téarnaimh (RMP)’;

— bainistiú a dhéanamh ar an rúnaíocht ar a bhfuil an cúram na seisiúin iomlánacha in CESE agus cruinnithe an Bhiúró, Ghrúpa na gCaestóirí, an Choiste Eitice agus struchtúr cothrománach eile a eagrú;

— clár reachtach CESE a chur chun feidhme i gcomhar leis an dá Stiúrthóireacht um Obair Reachtach agus na tuairimí a ghlacann CESE a chur ar aghaidh chuig na hinstitiúidí a iarrann iad;

— saolré iomlán na dtuairimí a chomhordú – ón uair a fhaightear an t-iarratas go dtí an uair a ghlactar an tuairim agus a fhoilsítear in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* í;

— oibriú ar bhonn leanúnach chun feabhas a chur ar dhálaí oibre na gcomhaltaí agus na modhanna oibre a nuachóiriú, agus tús áite á thabhairt don simpliú agus don nuálaíocht dhigiteach;

— cúnamh riaracháin agus airgeadais a chur ar fáil do na comhaltaí, do thoscairí CCMI agus do chomhairleoirí seachtracha, bainistiú a n-aisíocaíochtaí siúd san áireamh;

— maoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na gcinntí a ghlacann CESE maidir le liúntais;

— Deasc Chabhrach na gComhaltaí a bhainistiú agus a chinntiú go bhfuil cúnamh freagrúil agus pearsantaithe ar fáil ag gach comhalta;

— tacú leis an bplé agus an caidreamh le geallsealbhóirí nuair is tionscadail TF agus tionscnaimh an chlaochlaithe dhigitigh atá i dtreis;

— pointí teagmhála idirinstitiúideacha a fhorbairt agus a chothabháil i réimsí a thagann faoi raon feidhme na Stiúrthóireachta;

— seirbhísí prótacail agus ateangaireachta a chur ar fáil le haghaidh chruinnithe agus imeachtaí CESE de réir mar is gá;

— comhordú éifeachtach na pleanála leanúnachais gnó a chinntiú, forbairt agus cur chun feidhme creataí athléimneachta san áireamh;

— gníomhaíochtaí CESE agus na tuairimí a glacann sé a chur chun cinn trí bhealaí cumarsáide inmheánacha agus seachtracha iomchuí i gcomhar le Stiúrthóireacht D – Cumarsáid agus Caidreamh Idirinstitiúideach;

— acmhainní daonna na Stiúrthóireachta a bhainistiú, spreagadh, feidhmíocht agus forbairt ghairmiúil na foirne san áireamh;

— acmhainní airgeadais na Stiúrthóireachta a bhainistiú mar chuid de ról an oifigigh údarúcháin arna fhotharmligean ag an Ardrúnaí agus cur chun feidhme freagrach an bhuiséid a chinntiú;

— cultúr tionscantach, cuntasach, solúbtha agus freagrúil a chothú, i gcomhréir le misean agus fís CESE.

Eolas fúinn

Comhlacht comhairleach de chuid an Aontais Eorpaigh is ea Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa (CESE) ina bhfuil ionadaithe ó eagraíochtaí fostóirí, fostaithe agus páirtithe eile a dhéanann ionadaíocht don tsochaí shibhialta, go háirithe i réimsí socheacnamaíocha, sibhialta, gairmiúla agus cultúrtha. Déanann CESE a chion féin chun cur le dlisteanacht dhaonlathach agus éifeachtacht an Aontais Eorpaigh trí dheis a thabhairt d'eagraíochtaí na sochaí sibhialta sna Ballstáit a mbarúlacha a chur in iúl ar leibhéal an Aontais.

Is é misean Stiúrthóireacht A tacú le cur chun feidhme thosaíochtaí agus chinntí polaitiúla CESE agus feabhas a chur ar an ról atá aige mar phríomhinstitiúid de chuid an Aontais ina gcuirtear an t-idirphlé agus an comhairliúchán leis an tsochaí shibhialta eagraithe chun cinn, agus cur le hinfheictheacht agus iontaofacht CESE freisin. Is í an Stiúrthóireacht a chinntíonn go bhfuil comhordú éifeachtach á dhéanamh sna seirbhísí ábhartha uile ar gach ábhar cothrománach agus tá ról tábhachtach aici maidir le tacaíocht a chur ar fáil do ghníomhaíochtaí reachtacha CESE – go háirithe trí sheisiúin iomlánacha an Tionóil agus cruinnithe an Bhiúró a eagrú go héifeachtach.

Ina theannta sin, cuireann Stiúrthóireacht A tacaíocht straitéiseach agus oibríochtúil ar fáil d'Ardrúnaíocht CESE, rud a chinntíonn go bhfuil rialú agus comhordú comhleanúnach á dhéanamh ar shaincheisteanna trasearnála, e.g. samhaltú próiseas gnó, leanúnachas gnó agus bainistiú géarchéime, riachtanais ghnó a chur san áireamh i dtionscadail TF agus cur chun feidhme an tionscadail SPaCES atá ar bun faoi láthair.

Tá tuilleadh eolais ina thaobh sin go léir ar shuíomh gréasáin CESE: https://www.eesc.europa.eu.

A bhfuil á thairiscint againn

Tá thart ar 700 ball foirne agus 329 gcomhalta in CESE agus tá deiseanna gairme den scoth ar fáil san institiúid. Ainneoin mhéid na hinstitiúide, dírítear ar an duine i gcónaí agus tá struchtúr bainistíochta cothrom i bhfeidhm ina dtugtar tús áite d'fholláine na foirne. Tá CESE, ina cháil mar fhostóir, tiomanta don éagsúlacht agus don chuimsiú, agus tá straitéis um éagsúlacht agus cuimsiú i bhfeidhm aige. Táimid bródúil as éagsúlacht na foirne atá againn, is de thoradh na héagsúlachta sin an rath a bhíonn ar ár gcuid oibre. Is mór ag CESE iarratais a fháil ó iarrthóirí den uile chineál cúlra.

Ár dtairiscint:

— timpeallacht ina bhfuil fiúntas leis an obair, ina ndírítear ar nasc a dhéanamh leis an tsochaí shibhialta agus leis na Ballstáit ag na céimeanna luatha den phróiseas ceaptha beartas agus den phróiseas reachtóireachta;

— timpeallacht oibre chairdiúil dhinimiciúil ina bhfuil ardmheas ar bhainistíocht éifeachtach, ar mheon na tionscnaíochta, ar spiorad foirne agus ar sholúbthacht;

— an fhéidearthacht cúrsaí oiliúna sonracha a dhéanamh i réimsí éagsúla (oiliúint inmheánach, idirinstitiúideach agus sheachtrach);

— cur chuige nua-aimseartha acmhainní daonna ina gcuirtear béim ar shocruithe oibre solúbtha d'fhonn cothromaíocht níos fearr oibre agus saoil a áirithiú.

3. **Incháilitheacht**

Tá cinneadh déanta ag an údarás ceapacháin tús a chur leis an nós imeachta maidir le post an Stiúrthóra a líonadh i gcomhréir le hAirteagal 29(1) agus (2) de Rialacháin Foirne an Aontais Eorpaigh.

Faoin dáta deiridh chun iarratas a dhéanamh, ní foláir do na hiarrthóirí na coinníollacha atá leagtha amach thíos a chomhlíonadh:

a) *Coinníollacha ginearálta*

— a bheith ina náisiúnaigh ([1]) de cheann de Bhallstáit an Aontais agus lánchearta mar shaoránaigh a bheith acu;

— aon oibleagáidí faoi na dlíthe a bhaineann le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta acu;

— teistiméireachtaí ar a ndea-cháil is iomchuí do chur i gcrích na ndualgas lena mbaineann a chur ar fáil ([2]). Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt dá n-aire na srianta a chuirtear orthu le Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh a bhaineann le fostaíocht sheachtrach, oifig thofa agus coinbhleachtaí leasa (Airteagail 11, 11(a), 12(b), 13 agus 15 de na Rialacháin Foirne);

— na coinníollacha corpacmhainne atá riachtanach do chur i gcrích na ndualgas lena mbaineann a chomhlíonadh ([3]);

— a bheith faoi bhun na haoise scoir a dtagann éifeacht léi, i gcás oifigigh an Aontais Eorpaigh, ag deireadh na míosa sin ina sroichfidh siad 66 bliana d'aois ([4]).

([1]) Mar atá luaite in Airteagal 28(a) de na Rialacháin Foirne.

([2]) Sula ndéanfar an ceapachán, iarrfar ar an iarrthóir rathúil deimhniú ó na póilíní a chur ar fáil ina léireofar nach bhfuil aon taifead coiriúil aige nó aici d'fhonn a dheimhniú go sásaíonn sé nó sí ceanglais Airteagal 28(c) de na Rialacháin Foirne.

([3]) Sula ndéanfar an ceapachán, déanfar tástálacha ar an iarrthóir rathúil ag ceann d'ionaid leighis an Aontais Eorpaigh d'fhonn a dheimhniú go sásaíonn sé nó sí ceanglais Airteagal 28(e) de na Rialacháin Foirne.

([4]) Mar atá luaite in Airteagal 52(a) de na Rialacháin Foirne.

b) *Coinníollacha ar leith*

(i) Cáilíochtaí agus scileanna riachtanacha

Ní foláir leibhéal oideachais a bheith ag iarrthóirí arb ionann é agus cúrsa ollscoile críochnaithe arna fhianú ag dioplóma ([5]) a aithnítear go hoifigiúil i gceann de Bhallstáit an Aontais Eorpaigh

— ar cúrsa ceithre bliana ar a laghad é nuair is é ceithre bliana nó os a chionn sin gnáth-thréimhse an oideachais ollscoile,

nó

— ar cúrsa trí bliana ar a laghad é a leanann taithí ghairmiúil bliana amháin é i réimse is ábhartha don sainchuntas poist nuair is é trí bliana nó os a chionn sin gnáth-thréimhse an oideachais ollscoile. Ní chuirfear an taithí bliana seo san áireamh nuair a bheidh meastóireacht á déanamh ar an taithí ghairmiúil faoi mar atá sí leagtha síos faoi phointe 3(b)(ii).

(ii) Taithí ghairmiúil riachtanach

— Tar éis dóibh na cáilíochtaí atá leagtha síos faoi phointe 3(b)(i) a bhaint amach, ní foláir d'iarrthóirí taithí ghairmiúil 15 bliana ar a laghad a bhaineann leis an sainchuntas poist a bheith acu, lena n-áirítear taithí ghairmiúil cúig bliana ar a laghad ar phost bainistíochta ar leibhéal an chinn aonaid nó níos airde i réimse a bhaineann leis an bpost.

(iii) Eolas ar theangacha

Ní foláir sáreolas a bheith ag iarrthóirí ar cheann amháin de theangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh agus eolas sásúil ar theanga oifigiúil eile de chuid an Aontais. Ar chúiseanna oibríochtúla, teastaíonn sáreolas ar an bhFraincis agus ar an mBéarla (leibhéal C1 ar a laghad). Ba bhuntáiste eolas a bheith acu ar theangacha oifigiúla eile de chuid an Aontais.

Féach gur sainíodh na ceanglais teanga san fhógra folúntais seo ar mhaithe le leas na seirbhíse, óir is gá don Stiúrthóir nua a bheith in ann dul i mbun oibre láithreach agus cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach ina chuid oibre nó ina cuid oibre ó lá go lá. Is nós seanbhunaithe é faoin tráth seo an Béarla agus an Fhraincis a úsáid, den chuid is mó, in aon chumarsáid inmheánach in CESE agus is iad seo an dá theanga is mó a bhfuil gá leo nuair a bhíonn cumarsáid á déanamh le geallsealbhóirí seachtracha freisin.

Cás oifigigh an Aontais Eorpaigh

De réir Airteagal 29(1)(a)(i) de na Rialacháin Foirne, is féidir le hoifigigh CESE atá i ngrád AD 14, ar a laghad, suim a léiriú sa phost seo. An t-oifigeach a n-éireoidh lena (h)iarratas, ceapfar é nó í sa ghrád ina bhfuil sé nó sí faoi láthair.

De réir Airteagal 29(1)(a)(iii) de na Rialacháin Foirne, tabharfar ardú céime d'oifigigh CESE atá i ngrád AD 13, agus a bhfuil ar a laghad dhá bhliain sinsearachta acu sa ghrád sin, go grád AD14 i gcás ina n-éireoidh lena n-iarratas.

De réir Airteagal 29(1)(b) de na Rialacháin Foirne, i gcomhthéacs na soghluaisteachta idirinstitiúidí, is féidir le hoifigigh i ngrád AD14 iarratas a dhéanamh ar an bpost seo. An t-oifigeach a n-éireoidh lena (h)iarratas, iarrfar a aistriú agus ceapfar é nó í sa ghrád ina bhfuil sé nó sí faoi láthair.

De réir Airteagal 29(2) de na Rialacháin Foirne, féadfaidh oifigigh i ngráid níos ísle iarratas a chur isteach má chomhlíonann siad na coinníollacha atá leagtha amach faoi phointe 3(a) agus (b).

4. **Critéir roghnúcháin**

I gcás ina gcomhlíonfar na critéir incháilitheachta atá leagtha amach faoi phointe 3 (Incháilitheacht) (a) agus (b), déanfar measúnú ar iarratais na n-iarrthóirí, lena n-áirítear a CV agus a litir chumhdaigh, ar bhonn na gcritéar roghnúcháin seo a leanas:

— tuiscint láidir ar oibríochtaí agus ar threo straitéiseach institiúidí an Aontais, go háirithe CESE;

— dea-theist chruthaithe ar fhoirne móra a stiúradh agus buiséid mhóra a bhainistiú, agus taithí fhónta ar bhainistiú acmhainní daonna, ar fhorbairt tallainne agus ar thimpeallacht oibre chuimsitheach rannpháirtíoch a chruthú;

— sár-scileanna ceannaireachta, cumarsáide agus idirphearsanta, a bheith in ann foirne éagsúla a spreagadh, obair i bhfoirne ilréimsiúla a ailíniú, agus muinín a chothú go hinmheánach agus go seachtrach;

([5]) Ní chuirfear san áireamh ach dioplómaí agus teastais a bronnadh i mBallstáit an Aontais Eorpaigh nó atá faoi réir teastais chomhionannais arna n-eisiúint ag údaráis sna Ballstáit atá i gceist.

— taithí ar bhainistiú athruithe agus ar chlaochlú straitéiseach, lena n-áirítear an cumas tionscnaimh réamhbhreathnaitheacha nuálacha atá dírithe ar thionchar agus atá ag teacht le luachanna agus tosaíochtaí CESE a dhearadh, a chur chun feidhme agus a thuairisciú, go háirithe i gcomhthéacs an nuachóirithe dhigitigh agus chlaochlú Chlárlann agus shreafaí oibre na hinstitiúide;
— a bheith dírithe ar an nuálaíocht, agus é léirithe acu go bhfuil siad in ann cultúr cruthaitheachta a chur i bhfeidhm go daingean agus feabhas leanúnach a chur ar fhoirne éagsúla agus ar chórais éagsúla;
— tiomantas láidir don fhor-rochtain agus do chumhachtú na gcomhaltaí, agus é léirithe go bhfuil taithí acu ar ghuth na gcomhaltaí a chur chun cinn, agus ar an gcaidreamh leis na geallsealbhóirí a neartú go hinmheánach agus go seachtrach araon;
— a bheith dírithe ar thorthaí agus a bheith dírithe go soiléir ar thionchar inbhraite a chruthú, agus, lena chois sin, é a bheith cruthaithe acu go bhfuil an cumas iontu torthaí intomhaiste a bhaint amach agus feidhmíocht eagraíochtúil a rianú;
— an cumas a bheith iontu cultúr comhoibríoch oiriúnaitheach a ghlacadh agus a chur chun cinn, agus iad tiomanta don nuálaíocht, don fheabhas leanúnach, agus don ailíniú straitéiseach;
— scileanna láidre anailíse, líonraithe agus caibidlíochta ardleibhéil, lena n-áirítear an cumas sineirgí a chothú le hinstitiúidí an Aontais agus ionadaíocht éifeachtach a dhéanamh thar ceann CESE i gcomhthéacsanna idirinstitiúideacha;
— athléimneacht, discréid agus ionracas, go háirithe nuair atáthar ag déileáil le saincheisteanna íogaire nó le saincheisteanna a bhfuil an-tábhacht ag baint leo;
— tiomantas tacú leis an éagsúlacht, leis an gcothroime agus leis an gcuimsiú, rud atá ag teacht le luachanna agus cultúr Ardrúnaíocht CESE.

5. **Nós imeachta roghnúcháin**

5.1. *Próiseas iontrála an nós imeachta roghnúcháin*

Tarraingeofar suas liosta de na hiarrthóirí a mbeidh a n-iarratas curtha i gcrích acu faoin dáta deiridh agus a mbeidh na coinníollacha incháilitheachta ginearálta agus ar leith atá leagtha amach i bpointe 3(a) agus (b) comhlíonta acu faoin dáta deiridh. Cuirfear an liosta sin ar aghaidh chuig cathaoirleach an bhoird roghnúcháin i dteannta na n-iarratas.

Déanfaidh an bord roghnúcháin scrúdú ar na hiarratais agus tarraingeoidh sé suas liosta de na hiarrthóirí a mbeidh na critéir incháilitheachta comhlíonta acu. Bunóidh sé a chinneadh ar an eolas a bheidh tugtha san fhoirm iarratais agus a mbeidh na doiciméid tacaíochta ag comhthacú leis, agus ar an eolas sin amháin ([6]).

Na hiarrthóirí sin nach gcomhlíonfaidh a n-iarratas na coinníollacha atá liostaithe i bpointe 3(a) agus (b), measfar iad a bheith neamh-incháilithe. Cuirfear sin in iúl dóibh dá réir.

5.2. *Measúnú ar cháilíochtaí*

Ar bhonn na gcritéar a leagfar síos roimh ré, déanfaidh an bord roghnúcháin measúnú ar cháilíochtaí na n-iarrthóirí incháilithe d'fhonn liosta a tharraingt suas de na hiarrthóirí is mó a mbeidh a bpróifílí ag teacht leis an gcur síos ar na dualgais atá leagtha amach i bpointe 2. Chuige sin, is é a dhéanfaidh an bord roghnúcháin i dtosach báire ualú a leagan ar gach critéar roghnúcháin de réir na tábhachta faoi leith a bhaineann leis an gcritéar sin. Déanfar na pointí sin a shuimiú d'fhonn na hiarrthóirí is mó a mbeidh a bpróifílí ag teacht leis na dualgais a bheidh le comhlíonadh a aithint.

Bunóidh an bord roghnúcháin a chinneadh ar an eolas a thabharfaidh an t-iarrthóir san fhoirm iarratais (cáilíochtaí agus taithí ghairmiúil), Curriculum Vitae (CV) agus an litir chumhdaigh.

Ní foláir na critéir incháilitheachta (coinníollacha ginearálta agus ar leith) a bheith comhlíonta faoin spriocdháta atá socraithe chun iarratas a chur isteach. D'fhonn an scrúdú a dhéanfar ar na hiarratais a éascú, ba cheart d'iarrthóirí béim a leagan ina litir chumhdaigh ar na cúiseanna atá lena n-iarratas agus ar na gnéithe dá CV is ábhartha, dar leo, do na dualgais lena mbaineann.

Féadfaidh an bord roghnúcháin srian a chur le líon na n-iarrthóirí a chuirfear ar an ngearrliosta agus gan a chur leis ach iad siúd a bhainfidh an líon pointí is airde san iomlán amach ar bhonn an mheasúnaithe a dhéanfar ar a gcáilíochtaí.

Na hiarrthóirí sin nach gcuirfear ar an ngearrliosta, cuirfear sin in iúl dóibh.

5.3. *Agallamh*

Na hiarrthóirí sin ar éirigh leo sa chéim roimhe sin, cuirfear cuireadh orthu tabhairt faoi agallamh d'fhonn iad a mheas agus déanfar iad a chur i gcomparáid le chéile ar bhonn a gcáilíochtaí, a dtaithí gairmiúla, a gcumas agus a n-eolais, faoi mar atá leagtha amach thuas. Féadfaidh an bord roghnúcháin a chinneadh cuireadh a chur ar iarrthóirí tabhairt faoi thriail scríofa sa bhreis ar an agallamh.

Is i mBéarla agus i bhFraincis a dhéanfar an t-agallamh (agus an triail, más ann di).

([6]) Féach pointe 7 chun liosta a fheiceáil de na doiciméid tacaíochta is gá a chur isteach.

Táthar ag súil leis go mbeidh na hagallaimh ar siúl i mí **Eanáir 2026**.

Beidh na hagallaimh ar siúl in oifigí CESE sa Bhruiséil agus/nó bainfear úsáid as bogearraí físchomhdhála ([7]).

Tar éis chéim an agallaimh (agus na trialach scríofa, más ann di), cuirfear cuireadh ar na hiarrthóirí a mheasfar gurb iad is fearr a chomhlíonann riachtanais an phoist freastal ar an ionad measúnaithe. Cuirfear ar an eolas iad in am trátha faoin gclár agus faoin modheolaíocht agus beidh siad in ann a rogha teanga (Béarla nó Fraincis) a chur in iúl. Is éard is cuspóir don ionad measúnaithe scileanna bainistíochta na n-iarrthóirí a mheas. Ní toradh ceangailteach a bheidh i dtoradh an mheasúnaithe sin; tá sé ceaptha ionchur breise a chur ar fáil don bhord roghnúcháin agus a chuirfear san áireamh sa nós imeachta roghnúcháin.

5.4. *Liosta d'iarrthóirí oiriúnacha*

Ag deireadh an nós imeachta, déanfaidh an bord roghnúcháin liosta d'iarrthóirí oiriúnacha a tharraingt suas agus cuirfidh sé an liosta sin faoi bhráid Bhiúró CESE a fheidhmeoidh mar údarás ceapacháin le haghaidh an chinnidh chríochnaithigh. Féadfaidh an Biúró a chinneadh agallamh a chur ar na hiarrthóirí atá ar an ngearrliosta.

6. **Achoimre ar na coinníollacha earcaíochta**

Is i ngrád AD 14 a earcófar an t-iarrthóir a roghnófar agus is é CESE a chinnfidh an grád deiridh ar bhonn taithí ghairmiúil i gcomhréir leis na rialacha ábhartha atá i bhfeidhm. Beidh an t-oifigeach sin faoi réir tréimhse phromhaidh naoi mí. I dtreo nach mbeidh aon choinbhleacht ann, ní foláir don iarrthóir a roghnófar a bheith tar éis scor de gach post dá raibh aige nó aici roimhe sin faoin dáta ar a mbeidh sé nó sí le tosú sa phost.

Tá tuilleadh eolais ar na coinníollacha oibre le fáil i Rialacháin Foirne an Aontais Eorpaigh:

https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A01962R0031-20250513&qid=1756371990912.

Is í an Bhruiséil an áit fostaíochta.

7. **Iarratais**

Ní foláir do dhaoine atá ag cur isteach ar an bpost seo an fhoirm iarratais ar líne (HR Forms) ([8]) a chomhlánú agus na doiciméid seo a leanas, i mBéarla nó i bhFraincis, a cheangal léi:

— litir chumhdaigh;

— Curriculum Vitae i bhformáid Europass ([9]);

— cóip ([10]) dá gcárta aitheantais nó dá bpas;

— cóipeanna dá dteastais bhunchéime nó iarchéime ollscoile;

— cóipeanna dá ndearbhuithe fostaíochta, ar a gcuirfear in iúl go soiléir nádúr agus fad na gníomhaíochta lena mbaineann;

— mura bhfuil sin curtha in iúl go soiléir ar na cóipeanna de na dearbhuithe fostaíochta, cruthúnas ar mhéid na bhfoirne a stiúradh agus an bhuiséid/na mbuiséad a bainistíodh;

— mura bhfuil sin curtha in iúl go soiléir ar na teastais chéime ollscoile, cruthúnas ar eolas ar theangacha i bhfoirm teastas, nó, ina éagmais sin, mionchur síos ar an gcaoi a bhfuarthas an t-eolas sin;

— i gcás oifigigh an Aontais, doiciméad oifigiúil lena bhfianaítear a gconair ghairme agus a ngrád reatha.

Measfar iarratais neamhiomlána a bheith neamhbhailí agus ní chuirfear san áireamh iad.

Iarrfar ar an iarrthóir rathúil lá níos faide anonn na bunchóipeanna de na doiciméid riachtanacha a chur ar fáil.

I gcás doiciméid tacaíochta i dteangacha nach Béarla ná Fraincis iad, ní foláir achoimre orthu i gceann den dá theanga sin a chur leo.

([7]) D'fhéadfaí agallaimh físchomhdhála a chur ar siúl do na hiarrthóirí sin nach mbeidh sa Bhruiséil nuair a bheidh na hagallaimh ar siúl. Seachas sin aisíocfaidh CESE costais taistil agus tabharfaidh sé liúntas laethúil do na hiarrthóirí.

([8]) https://candform.eesc.europa.eu/en/dashboard.

([9]) http://europass.cedefop.europa.eu/en/documents/curriculum-vitae/templates-instructions.

([10]) Glacfar le cóipeanna sa bhunteanga. Is gá an fhoirm iarratais ar líne a chomhlánú i mBéarla nó i bhFraincis.

Is é an dáta deiridh chun iarratas a dhéanamh **20 Deireadh Fómhair 2025 ag 12.00 meán lae (am na Bruiséile)**. Tabharfaidh CESE neamhaird ar aon iarratas a chuirfear chuige i ndiaidh an dáta agus an trátha sin. Moltar go mór d'iarratasóirí gan fanacht go dtí an lá deiridh chun a n-iarratas a chur isteach mar go bhféadfadh deacrachtaí a bheith ann an t-iarratas a sheoladh chun siúil de dheasca trácht trom idirlín nó fabht sa nasc idirlín. Ní bheidh CESE freagrach as moill ar bith de thoradh na ndeacrachtaí sin.

Maidir le hiarrthóirí atá faoi mhíchumas nó a bhfuil sainriachtanais acu a d'fhágfadh deacrachtaí áirithe acu, b'fhéidir, le linn an nós imeachta, féadfaidh siad sin a chur in iúl ar a bhfoirm iarratais agus aon eolas ábhartha a chur ar fáil ionas gur féidir le lucht riartha an nós imeachta na bearta iomchuí a dhéanamh, de réir mar is féidir. Más infheidhme, féadfaidh iarrthóirí bileog ar leith a chur lena bhfoirm iarratais ar a mbeidh sonraí faoi aon socruithe is gá, dar leo, chun cuidiú leo.

8. **Barúlacha**

Déanfar an post a líonadh de réir mar a fhágann, agus nuair a fhágann, acmhainní buiséadacha gur féidir sin a dhéanamh.

Más amhlaidh a fhaightear amach, ag aon chéim den nós imeachta, nach ann do dhoiciméid tacaíochta a chomhthacódh leis an eolas atá i bhfoirm iarratais an iarrthóra nó nach bhfuil na coinníollacha uile atá leagtha amach san fhógra poist comhlíonta aige nó aici, measfar an t-iarratas sin a bheith ar neamhní.

Ní ceart d'iarrthóirí ar aon chúinse iarracht a dhéanamh dul i dteagmháil le baill an bhoird roghnúcháin, cibé acu ar dhóigh dhíreach nó indíreach. Forchoimeádann an t-údarás ceapacháin an ceart chun iarrthóirí a dhéanann amhlaidh a chur as an áireamh.

Tá CESE i bhfách leis an éagsúlacht agus go láidir i bhfabhar ionadaíocht chothrom i gcás inscne, i gcás náisiúntachtaí uile na mBallstát agus i gcás theangacha oifigiúla uile an Aontais Eorpaigh. Tá beartas comhdheiseanna i bhfeidhm ag CESE a choisceann aon idirdhealú bunaithe ar inscne, ar mhíchumas, ar chine, ar dhearcadh polaitiúil nó creidimh nó ar chlaonadh gnéis. I gcomhréir leis na prionsabail sin agus le forálacha na Rialachán Foirne, spreagtar go háirithe iarratais ón inscne agus ó na náisiúntachtaí is lú ionadaíocht.

Tá CESE tiomanta an comhshaol a chosaint.

I gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([11]), is chun na gcríoch sin ar seoladh na sonraí chun an fhaighteora, agus chucu sin amháin, a dhéanfaidh an faighteoir iad a phróiseáil.

9. **Iarrataí ar athbhreithniú – gearáin**

Gan beann ar an gceart atá acu faoi Airteagal 90(2) chun gearán a dhéanamh, nó chun achomharc a dhéanamh le Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh faoi Airteagal 91 de na Rialacháin Foirne, féadfaidh iarrthóirí athbhreithniú inmheánach a iarraidh maidir le haon chinneadh a rinne an bord roghnúcháin más cinneadh é a chuireann isteach go díreach agus láithreach bonn ar a stádas sa nós imeachta roghnúcháin ar an ábhar nár comhlíonadh na rialacha lena rialaítear an nós imeachta roghnúcháin mar atá sin leagtha síos san fhógra folúntais. Ní foláir an iarraidh sin a dhéanamh ar ríomhphost (SpecSelections@eesc.europa.eu) laistigh de 10 lá féilire ón dáta ar cuireadh an fógra i leith an chinnidh chuig an iarrthóir i bhfoirm ríomhphoist. Ní mór an cinneadh agus na forais ar a bhfuil an iarraidh bunaithe a lua inti.

Déanfaidh an bord roghnúcháin a chinneadh faoi sin agus cuirfear freagra réasúnaithe chuig an iarrthóir in am agus i dtráth.

([11]) Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag institiúidí, comhlachtaí, oifigí agus gníomhaireachtaí an Aontais agus maidir le saorghluaiseacht sonraí den sórt sin, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE (IO L 295, 21.11.2018, lch. 39.